Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15075/23**

**CDR 176**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht na hEastóine, de Choiste na Réigiún - Glacadh |

1. I litir dar dáta an 24 Aibreán 2023[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Mart VÕRKLAEV a cheapadh ina chomhalta de Choiste na Réigiún agus ar dá bhun a ceapadh é.

2. I litir dar dáta an 27 Deireadh Fómhair 2023[2], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh Piret RAMMUL, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, ag éirí as oifig.

3. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 8808/23.
[2] 14945/23.

4. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Mart VÕRKLAEV, mhol Rialtas na hEastóine[3] Katrin KRAUSE, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Harku vallavanem* (Méara bhardas tuaithe Harku), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

5. Thairis sin, chun comhalta a chur in ionad Piret RAMMUL, mhol Rialtas na hEastóine[4] Mikk JÄRV, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Kanepi vallavanem* (Méara bhardas tuaithe Kanepi), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 15076/23 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[3] 14946/23.
[4] 14946/23.